C/2025/6683

11.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12142 — MOH / GEK TERNA / NRG / HERON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6683)

1. An 3 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Motor Oil (Hellas) Corinth Refineries S.A. ('MOH', an Ghréig),

— GEK TERNA S.A. ('GEK TERNA', an Ghréig),

— NRG Supply and Trading S.A. ('NRG', an Ghréig), faoi rialú MOH,

— Heron Energy S.A. ('HERON', an Ghréig), faoi rialú GEK TERNA.

Gheobhaidh MOH agus GEK TERNA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NRG agus HERON.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é MOH máthairchuideachta an ghrúpa cuideachtaí MOTOR OIL, atá gníomhach go príomha sa mhéid seo a leanas: scagadh agus táirgeadh ola; soláthar mórdhíola agus miondíola táirgí peitriliam; giniúint leictreachais agus soláthar mórdhíola agus miondíola leictreachais; allmhairiú gáis nádúrtha agus soláthar mórdhíola agus miondíola gáis nádúrtha; agus craoltóireacht teilifíse,

— Is é GEK TERNA máthairchuideachta an ghrúpa cuideachtaí a bhfuil an t-ainm céanna orthu, atá gníomhach go príomha sa mhéid seo a leanas: an tógáil; oibriú bonneagair agus lamháltas; giniúint leictreachais agus soláthar mórdhíola agus miondíola leictreachais; soláthar miondíola gáis nádúrtha; bainistiú dramhaíola agus uisce; agus réadmhaoin.

3. Tá NRG gníomhach go príomha i soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha sa Ghréig. Tá Heron gníomhach go príomha i nginiúint leictreachais agus soláthar mórdhíola agus miondíola leictreachais agus i soláthar mórdhíola agus miondíola gáis nádúrtha sa Ghréig.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12142 — MOH / GEK TERNA / NRG / HERON

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË